| | | |
|---|---|---|
| **1.** | An itheann tú feoil? | Do you eat meat? |
| | Itheann / Ní itheann | Yes / No |
| | An ólann tú caife? | Do you drink coffee? |
| | Ólann / Ní ólann | Yes / No |
| | An gceannaíonn tú bia don lón? | Do you buy food for lunch? |
| | Ceannaíonn / Ní cheannaíonn | Yes / No |
| **2.** | Cad a dhéanann tú ar maidin? | What do you do in the morning? |
| | Éiríonn mé ag a sé a chlog. | I get up at six o'clock. |
| | Ólann mé cupán tae. | I drink a cup of tea. |
| | Itheann mé leite le tósta. | I eat oatmeal with toast. |
| **3.** | Cá dtéann tú ar an deireadh seachtaine? | Where do you go on the weekend? |
| | Téann mé go dtí an trá. | I go to the beach. |
| | Téann mé amach ag siúl. | I go out walking. |
| | Téann mé a chodladh go luath. | I go to sleep early. |
| | Ní théann mé áit ar bith. | I don't go anywhere. |
| | Fanann mé sa bhaile. | I stay at home. |
| **4.** | An mbíonn sé te i San Diego? | Is it (generally) hot in San Diego? |
| | Bíonn / Ní bhíonn | Yes / No |
| | Bíonn. Bíonn sé te tirim. | Yes. It's hot and dry. |
| | An mbíonn tú ag obair gach lá? | Do you work every day? |
| | Ní bhíonn. Ní bhíonn mé ag obair ar an deireadh seachtaine. | No. I don't work on the weekend. |

| | Comhrá 1 | Conversation 1 |
|---|---|---|
| S: | Haigh, a Thaidg! | Hi, Timothy! |
| T: | Haigh, a Shaoirse! | Hi, Saoirse! |
| S: | Cén scéal? | What's up? |
| T: | Tá tart agus tuirse orm. | I'm thirsty and tired. |
| S: | Cén fáth? | Why? |
| T: | Bhí mé ag rith ar maidin. | I was running in the morning. |
| S: | An mbíonn tú ag rith gach maidin? | Do you run every morning? |
| T: | Ní bhíonn, ach bhí rás ann inniu. | No. But there was a race today. |
| S: | An ólann tú a lán uisce agus tú ag rith? | Do you drink a lot of water when you run? |
| T: | Ólann, ach níor ól mé go leor inniu. | Yes, but I didn't drink enough today. |

| | Comhrá 2 | Conversation 2 |
|---|---|---|
| C: | Dia duit. Is mise Ciarán. Cad is ainm duit? | Hello. I'm Ciaran. What's your name? |
| B: | Dia is Muire duit! Is mise Bríd. | Hello. I'm Bridget. |
| C: | An dtagann tú anseo go minic? | Do you come here often? |
| B: | Tagann. Is breá liom an pháirc seo. | Yes. I love this park. |
| C: | An ólann tú tae? | Do you drink tea? |
| B: | Ólann. Is breá liom tae. | Yes. I love tea. |
| C: | Ar mhaith leat cupán tae agus scóna? | Would you like a cup of tea and a scone? |
| B: | Ba bhreá liom sin. Go raibh maith agat. | I would love that. Thank you. |
| C: | Ceannaíonn mé tae anseo ó am go ham. | I buy tea here from time to time. |
| B: | Ní thagann mé féin anseo go minic. | I myself don't come here often. |

**Dán (le Róisín Ní Ríordán)**
**An Bus**

Bíonn bus ann i gcónaí
ar maidin go moch,
Is Cuma má bhíonn sé
tirim nó fliuch.

Fanann na daoine
ag stad an bhus,
Ina seasamh go ciúin
ag glacadh sosa.

Nuair a thagann an bus
isteach leo gan ghlór,
Téann siad go léir
go dtí an baile mór.

**Poem (by Róisín Ní Ríordán)**
**The Bus**

There is always a bus
early in the morning
It doesn't matter if it is
Dry or wet.

The people wait
at the bus stop,
Quietly standing
taking a break.

When the bus comes
in they go silently,
They all go
to town.